An Pearsa Spóirt is Fearr Liom:

Is é David Beckham an pearsa spóirt is fearr liom. Is imreoir sacair é, agus imríonn sé anois do LA Galaxy i Meiriceá. Is imreoir den scoth é. Is Sasanach é David agus tá sé seacht mbliana is tríocha d'aois. Tá a chuid gruaige fionn agus tá a shúile gorm. Tá sé iontach dathúil. Is aoibhinn leis peil, ceol, agus éadaigh. Caitheann sé éadaigh iontach faiseanta.

Tá sé pósta le Victoria, agus tá triúr mac aige - Brooklyn, Romeo agus Cruz, agus iníon óg amháin, Harper. Tá sé iontach mór lena theaghlach. Tá siad ina gcónaí i Meiriceá anois. Bhí sé ag imirt do Mhanchain Aontaithe agus Real Madrid, ach bhog sé. Bhí sé ina chaptaen ar an fhoireann Shasanach, agus d'imir sé i lár na páirce. Is peileadóir iontach cáiliúil é ar fud an domhain.

Cúpla bliain ó shin, bhí sé sna nuachtáin cuid mhór mar gheall ar a shaol pearsanta. Bhí ráflaí ag dul thart go raibh caidreamh suirí aige le bean eile. Tá súil agam nach bhfuil sé fíor, mar tá ardmheas agam air. Tugann a lán daoine óga urraim dó, agus ba thrua mhór í dá ligfeadh sé síos iad.

Tugtar urraim as cuimse do pheileadóirí óna lucht féachana (leanúna) agus ó na daoine thart futhu. Faigheann siad pá dochreidte chomh maith! B'fhéidir go bhfaigheann siad barraíocht airgid. Cibé ar bith, sílim go bhfuil post tábhachtach ag Beckham. Níl aon amhras ann go nglacann sé páirt ollmhór i saoil chuid mhór déagóirí.